2025/1239

1.7.2025

CINNEADH Uimh. 1/2025ÓN GCOISTE UM CHOMHAR CUSTAIM IDIR AN TAONTAS EORPACH AGUS AN TUIRC

an 24 Aibreán 2025

maidir le húsáid deimhnithe gluaiseachta A.TR a eisítear go leictreonach [2025/1239]

TÁ AN COISTE UM CHOMHAR CUSTAIM,

Ag féachaint do Chinneadh Uimh. 1/95 den Chomhairle Chomhlachais idir an Comhphobal Eorpach agus an Tuirc an 22 Nollaig 1995 maidir leis an gcéim dheireanach den Aontas Custaim a chur chun feidhme ([1]), agus go háirithe Airteagal 3(6) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Ag tús na bliana 2020, ní raibh aon bhealach ann a bhféadfadh tíortha comhpháirtíochta an Aontais a raibh comhaontú saorthrádála acu leis an Aontas deimhnithe gluaiseachta a sholáthar i bhfoirm chuí, eadhon san fhormáid cheart pháipéir, sínithe de láimh agus stampáilte le dúch fliuch, ós rud é, mar gheall ar phaindéim COVID-19, go raibh na teagmhálacha idir údaráis chustaim thíortha comhpháirtíochta an Aontais agus oibreoirí eacnamaíocha ar fionraí i roinnt tíortha. Dá bhrí sin, measadh gurbh iomchuí bearta eisceachtúla a ghlacadh a bheadh infheidhme ar bhonn cómhalartach, chun cur chun feidhme iomlán na trádála fabhraí a áirithiú.

(2) Iarradh ar údaráis chustaim Bhallstáit an Aontais agus ar údaráis chustaim thíortha comhpháirtíochta an Aontais glacadh le deimhnithe gluaiseachta a eisítear go leictreonach ag a bhfuil síniú digiteach, an stampa digiteach nó séala digiteach de chuid na n-údarás inniúil, nó i bhfoirm cóipe den deimhniú bunaidh, a eisítear i bhfoirm páipéir nó i bhfoirm leictreonach, eadhon cóip scanta nó cóip atá ar fáil ar líne.

(3) Bhí na bearta infheidhme freisin maidir le deimhnithe gluaiseachta A.TR chun críoch saorchúrsaíochta earraí laistigh den Aontas Custaim idir an tAontas Eorpach agus an Tuirc. Bhí an cleachtas sin bunaithe ar an tsolúbthacht dá bhforáiltear in Airteagal 10, mír 1, de Chinneadh Uimh. 1/2006 ón gCoiste um Chomhar Custaim an 26 Iúil 2006 ([2]) ('Cinneadh Uimh. 1/2006'). De réir na forála sin, tá deimhnithe gluaiseachta A.TR le cur faoi bhráid údaráis chustaim an Stáit is allmhaireoir i gcomhréir leis na nósanna imeachta is infheidhme sa Stát sin.

(4) Na himthosca eisceachtúla ba chúis le glacadh na mbeart solúbtha, ní raibh siad ábhartha a thuilleadh, agus dá bhrí sin cinneadh go scoirfeadh na bearta sin d'fheidhm a bheith acu ón 1 Bealtaine 2024.

(5) D'adhmhaigh an tAontas agus an Tuirc gur dhearfach an taithí ar thrádáil faoi na bearta eisceachtúla a glacadh mar gheall ar phaindéim COVID-19 agus mheas siad gurb iomchuí leanúint de na dea-chleachtais a tugadh isteach faoi na himthosca eisceachtúla le linn na paindéime chun go dtairbheoidh na hoibreoirí eacnamaíocha de dhigitiú na ndeimhnithe gluaiseachta A.TR.

(6) Leis an gcóras a dearaíodh agus a forbraíodh chun deimhnithe gluaiseachta A.TR a eisiúint go leictreonach, is féidir leis na húdaráis chustaim barántúlacht na ndeimhnithe gluaiseachta A.TR a sheiceáil láithreach, gan dochar d'Airteagal 16 de Chinneadh Uimh. 1/2006 maidir le nósanna imeachta le haghaidh fíoruithe ina dhiaidh sin. Ba cheart socruithe mionsonraithe a leagan síos maidir le cur chun feidhme na seiceálacha barántúlachta. Ba cheart an fheidhmiúlacht chéanna a bhaint amach a luaithe a bhunófar córas digitithe deimhnithe gluaiseachta A.TR chun deimhnithe den sórt sin a eisiúint go leictreonach san Aontas.

(7) I gcomhthéacs na trádála fabhraí sa limistéar Uile-Eora-Mheánmhara (UEM), ina bhfuil an tAontas agus an Tuirc araon, d'eisigh Comhchoiste an Choinbhinsiúin Réigiúnaigh maidir le Rialacha Fabhracha Tionscnaimh Uile-Eora-Mheánmhara Cinneadh Uimh. 1/2024 ([3]) a bhaineann le húsáid deimhnithe gluaiseachta EUR.1 agus EUR-MED a glactar go leictreonach.

([1]) IO L 35, 13.2.1996, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/1995/1(5)/oj.

([2]) Cinneadh Uimh. 1/2006 ón gCoiste um Chomhar Custaim idir an Comhphobal Eorpach agus an Tuirc an 26 Meán Fómhair 2006 lena leagtar síos rialacha sonracha maidir le Cinneadh Uimh. 1/95 ón gComhairle Comhlachais idir an Comhphobal Eorpach agus an Tuirc a chur i bhfeidhm (IO L 265, 26.9.2006, lch. 18, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2006/646/oj).

([3]) Cinneadh Uimh. 1/2024 ó Chomhchoiste an Choinbhinsiúin Réigiúnaigh maidir le Rialacha Fabhracha Tionscnaimh Uile-Eora-Mheánmhara an 12 Nollaig 2024 lena leasaítear Cinneadh Uimh. 1/2023 ón gComhchoiste maidir le húsáid deimhnithe gluaiseachta a eisítear go leictreonach faoi chuimsiú an Choinbhinsiúin sin is infheidhme ón 1 Eanáir 2025 ar aghaidh (IO L 2025/16,9.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2025/16/oj).

(8) Ar mhaithe le cleachtas comhchuibhithe maidir le deimhnithe gluaiseachta a úsáid agus ag féachaint d'Airteagal 9 de Chinneadh Uimh. 1/2006 agus d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis, is iomchuí go nglacfaidh údaráis chustaim Bhallstáit an Aontais agus na Tuirce le deimhnithe gluaiseachta A.TR a eisítear go leictreonach faoi chuimsiú an Aontais Custaim idir an tAontas Eorpach agus an Tuirc.

(9) Ón 8 Iúil 2024 ar aghaidh, thosaigh údaráis chustaim na mBallstát agus na Tuirce ag glacadh le deimhnithe gluaiseachta A.TR a eisítear go leictreonach. Dá bhrí sin, is iomchuí foráil a dhéanamh maidir le cur i bhfeidhm cúlghabhálach úsáid deimhnithe gluaiseachta A.TR arna n-eisiúint go leictreonach ón 8 Iúil 2024 ar aghaidh chun leanúnachas a áirithiú maidir leis na ndea-chleachtais a tugadh isteach le linn phaindéim COVID-19 ón dáta sin ar aghaidh, gan dochar do ghníomhaíochtaí a rinne riaracháin chustaim an dá pháirtí le linn na hidirthréimhse ón 1 Bealtaine 2024 go dtí an 8 Iúil 2024, agus gan difear a dhéanamh do na cearta a deonaíodh do dhaoine aonair le linn na tréimhse sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Gan dochar do na forálacha a leagtar síos i gCinneadh Uimh. 1/2006 ón gCoiste um Chomhar Custaim, glacfaidh údaráis chustaim Bhallstáit an Aontais agus údaráis chustaim na Tuirce le deimhnithe gluaiseachta A.TR a eisítear go leictreonach nuair a chuirtear isteach iad tráth an allmhairithe, i gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha uile seo a leanas:

(a) an sampla atá in Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh Uimh. 1/2006 ón gCoiste um Chomhar Custaim, úsáidtear é mar bhonn le haghaidh na ndeimhnithe gluaiseachta A.TR a eisítear go leictreonach;

(b) déanann údaráis chustaim an Stáit is onnmhaireoir foráil maidir le córas slán ar líne chun barántúlacht na ndeimhnithe gluaiseachta A.TR a eisítear go leictreonach a fhíorú;

(c) tá sraithuimhir uathúil ar na deimhnithe gluaiseachta A.TR a eisítear go leictreonach agus, má tá fáil orthu, tá gnéithe slándála acu trínar féidir iad a shainaithint.

2. Féadfaidh an tAontas agus an Tuirc a chinneadh an glacadh le deimhnithe gluaiseachta A.TR a eisítear go leictreonach a chur ar fionraí i gcás nach gcomhlíontar na coinníollacha a liostaítear i mír 1 agus tabharfaidh siad fógra dá chéile faoi sin roimh ré. Áiritheoidh an dá pháirtí go bhfoilseofar na fógraí i gcomhréir lena nósanna imeachta féin, agus léireofar sna fógraí sin dáta tosaigh an fhionraí.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Beidh feidhm aige ón 8 Iúil 2024 ar aghaidh.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 24 Aibreán 2025

Thar ceann an Choiste um Chomhar Custaim
An tUachtarán
M. PETSCHKE